Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12319/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0231 (NLE)**

**ECOFIN 1069**
**UEM 383**
**FIN 1136**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 426 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 426 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 426 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2026
COM(2026) 426 final

2026/0231 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge

{SWD(2026) 255 final}

GA GA

2026/0231 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Bheilg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021 d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 10 Nollaig 2024[4], an 18 Feabhra 2025[5], an 11 Márta 2025[6], an 20 Meitheamh 2025[7], an 8 Iúil 2025[8], an 13 Samhain 2025[9], agus an 12 Meitheamh 2026[10].

(2) An 29 Bealtaine 2026 rinne an Bheilg iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an mBeilg.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 ST 10161/21 INIT; ST 10161/21 ADD 1.
3 ST 15570/23 INIT; ST 15570/23 ADD 1.
4 ST 15974/24 INIT; ST 15974/24 ADD 1.
5 ST 5654/25 INIT; ST 5654/25 ADD 1.
6 ST 6545/25 INIT; ST 6545/25 ADD 1.
7 ST 9584/25 INIT; ST 9584/25 ADD 1.
8 ST 10529/25 INIT; ST 10529/25 ADD 1.
9 ST 14449/25 INIT; ST 14449/25 ADD 1.
10 ST 9517/26 INIT; ST 9517/26 ADD 1.

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Bheilg isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 49 mbeart.

(4) Mhínigh an Bheilg go bhfuil dhá bheart ann nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh i ngeall ar dheacrachtaí theicniúla gan choinne. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht 'Tithíocht shóisialta agus tithíocht do dhaoine leochaileacha a fhorbairt' (I-4.12) agus sprioc 153 den infheistíocht 'Tithíocht shóisialta agus tithíocht do dhaoine leochaileacha a fhorbairt' (I-4.12), an tuairisc ar infheistíocht 'An t-iompar poiblí a fheabhsú sa Vallúin' (I-3B) agus sprioc 101 den infheistíocht 'An t-iompar poiblí a fheabhsú sa Vallúin' (I-3B). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg údarú na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Bheilg go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar athrú ar choinníollacha comhlíontachta. Baineann sé sin le cloch mhíle 23 d'infheistíocht 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' (I-1.16). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg údarú an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Bheilg go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar chur i bhfeidhm céimneach. Baineann sé sin le cloch mhíle 60 d'infheistíocht 'Digiteáil Sheirbhís Phoiblí na Cónaidhme' (I-2.05). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg údarú an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Bheilg go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar easpa creat dlíthiúil. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht 'Seirbhísí rShláinte agus Sonraí Sláinte' (I-2.06) agus cloch mhíle 64 d'infheistíocht 'Seirbhísí rShláinte agus Sonraí Sláinte' (I-2.06). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg údarú an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Bheilg go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, i ngeall ar shrianta sealadacha ar acmhainní de dheasca tosaíochtaí forluiteacha agus easpa tairiscint tairisceana, rud a fhágann go bhfuil srianta ama ann chun cuid den bheart a bhaint amach. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht 'An Clár um Athbhunú an Dúlra Mhuirí' (I-1.25) agus sprioc 252 d'infheistíocht 'An Clár um Athbhunú an Dúlra Mhuirí' (I-1.25). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg údarú an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Mhínigh an Bheilg go bhfuil ceithre bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme sa chaoi go mbainfear amach an uaillmhian a bhí i gceist leis na bearta sin i dtús ama. Baineann sé sin le cloch mhíle 253 d'infheistíocht 'Tionscadal fuinnimh amach ón gcósta' (I-1.26), an tuairisc ar infheistíocht 'Instealladh cothromais in Participatiemaatschappij Vlaanderen (PMV) chun tacú le cuideachtaí atá gníomhach i réimse na bith-theicneolaíochta' (I-5.19) agus cloch mhíle 256 d'infheistíocht 'Instealladh cothromais in Participatiemaatschappij Vlaanderen (PMV) chun tacú le cuideachtaí atá gníomhach i réimse na biteicneolaíochta' (I-5.19), an tuairisc ar infheistíocht 'Instealladh caipitil i gCosaint SFPIM' (I-5.20) agus cloch mhíle 258 d'infheistíocht 'Instealladh caipitil i gCosaint SFPIM' (I-5.20), an tuairisc ar infheistíocht 'Instealladh caipitil i gCosaint SFPIM' (I-5.21) agus cloch mhíle 259 d'infheistíocht 'Instealladh caipitil i gCosaint SFPIM' (I-5.21). Ar an mbonn sin,

d'iarr an Bheilg údarú na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an Bheilg go bhfuil 39 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh' (I-1B) agus spriocanna 14 agus 14bis d'infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh' (I-1B), an tuairisc ar infheistíocht 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' (I-1.17) agus cloch mhíle 26 d'infheistíocht 'Slabhra luacha tionsclaíoch le haghaidh aistriú hidrigine' (I-1.17), cloch mhíle 28 d'infheistíocht 'An tionscal ísealcharbóin a fhorbairt' (I-1.18), clocha míle 37 agus 39 d'infheistíocht 'Bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide' (I-1.22), clocha míle 43 agus 43bis d'infheistíocht 'An Comhaontú Gorm' (I-1.24), an tuairisc ar infheistíocht 'Cumais idircheaptha' (I-2.02) agus cloch mhíle 49 d'infheistíocht 'Cumais idircheaptha' (I-2.02), an tuairisc ar infheistíocht 'Cumais idircheaptha' (I-2.03) agus cloch mhíle 50 d' infheistíochta 'Cumais idircheaptha' (I-2.03), tuairisc ar infheistíocht 'Digitiú' (I-2.04) agus clocha míle 52 agus 53 d'infheistíocht 'Digitiú' (I-2.04), clocha míle 55 agus 61 d'infheistíocht 'Digitiú FPS' (I-2.05), tuairisc ar infheistíocht 'Tionscadail digitithe' (I-2.08) agus cloch mhíle 66 agus sprioc 67 de 'Tionscadail digitithe' (I-2.08), tuairisc ar infheistíocht 'Tionscadail digitithe le haghaidh riarachán tearmainn agus inimirce' (I-2.05bis) agus cloch mhíle 55b d'infheistíocht 'Tionscadail digitithe le haghaidh riarachán tearmainn agus inimirce' (I-2.05bis), tuairisc ar infheistíocht 'Clúdach le líonraí snáithín' (I-2.13) agus cloch mhíle 80 d'infheistíocht 'Clúdach le líonraí snáithín' (I-2.13), tuairisc ar infheistíocht 'Nascacht 35 pháirc ghnó sa Vallúin' (I-2.15) agus cloch mhíle 84 d'infheistíocht 'Nascacht 35 pháirc ghnó sa Vallúin' (I-2.15), cloch mhíle 96b d'infheistíocht 'Bonneagar rothaíochta – Vélo Plus' (I-3.03b), tuairisc ar infheistíocht 'Bonneagar rothaíochta agus siúil – Schuman' (I-3.04) agus cloch mhíle 98 d'infheistíocht 'Bonneagar rothaíochta agus siúil – Schuman' (I-3.04), tuairisc ar infheistíocht 'Bonneagar iarnróid agus oibreacha inrochtaineachta stáisiúin' (I-3C) agus cloch mhíle 105 d'infheistíocht 'Bonneagar iarnróid agus oibreacha inrochtaineachta stáisiúin' (I-3C), cloch mhíle 107 d'infheistíocht 'Canáil Albert agus Trilogiport' (I-3.11), tuairisc ar infheistíocht 'Córais TF iarnróid' (I-3E) agus cloch mhíle 109 d'infheistíocht 'Córais TF iarnróid' (I-3E), tuairisc ar infheistíocht 'An flít busanna a ghlasú' (I-3G) agus cloch mhíle 115b d'infheistíocht 'An flít busanna a ghlasú' (I-3G), tuairisc ar infheistíocht 'Bonneagar luchtaithe do bhusanna' (I-3.21) agus cloch mhíle 246 d'infheistíocht 'Bonneagar luchtaithe le haghaidh busanna' (I-3.21), tuairisc ar infheistíocht 'Ardáin dhigiteacha do phríosúnaigh' (I-4.09) agus cloch mhíle 147 d'infheistíocht 'Ardáin dhigiteacha do phríosúnaigh' (I-4.09), tuairisc ar infheistíocht 'Áiteanna cúraim leanaí a chruthú' (I-4.13) agus cloch mhíle 155 d'infheistíocht 'Áiteanna cúraim leanaí a chruthú' (I-4.13), tuairisc ar infheistíocht 'Mol Oiliúna agus Nuálaíochta Digití agus Teicneolaíochta A6K/E6K' (I-5.01) agus cloch mhíle 162 d'infheistíocht 'Mol Oiliúna agus Nuálaíochta Digití agus Teicneolaíochta A6K/E6K' (I-5.01), an tuairisc ar an infheistíocht 'Bonneagar ardoiliúna a uasghrádú' (I-5.03) agus sprioc 163 den infheistíocht 'Bonneagar ardoiliúna a uasghrádú' (I-5.03), an tuairisc ar infheistíocht 'Foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil' (I-5.07) agus cloch mhíle 171 den infheistíocht 'Foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil' (I-5.07), an tuairisc ar infheistíocht 'Leigheas núicléach' (I-5.08) agus clocha míle 179 agus 180 den infheistíocht 'Leigheas núicléach' (I-5.08), tuairisc ar infheistíocht 'T & F a neartú' (I-5.11) agus cloch mhíle 187 d'infheistíocht 'T & F a neartú' (I-5.11), tuairisc ar infheistíocht 'Bia a athlonnú agus ardáin lóistíochta a

fhorbairt' (I-5.12) agus sprioc 191 d'infheistíocht 'Bia a athlonnú agus ardáin lóistíochta a fhorbairt' (I-5.12), tuairisc ar sprioc 198 d'infheistíocht 'Mol Athchúrsála' (I-5.14), tuairisc ar chloch mhíle 200 d'infheistíocht 'An Bheilg Cúlchiorclán' (I-5.15), tuairisc ar sprioc 202 d'infheistíocht 'An geilleagar ciorclach a chur in úsáid sa Vallúin' (I-5.16), tuairisc ar infheistíocht 'SMELD – FED' (I-5.18) agus cloch mhíle 249 d'infheistíocht 'SMELD – FED' (I-5.18), tuairisc ar infheistíocht 'Bearta éifeachtúlachta fuinnimh i dtithíocht shóisialta WAL' (I-7.04) agus sprioc 215 de 'Bearta éifeachtúlachta fuinnimh i dtithíocht shóisialta WAL' (I-7.04), tuairisc ar an infheistíocht 'Teaschaidéil, insliú, grianphainéil nó soilse LED i bhfoirgnimh' (I-7.10) agus sprioc 217 den infheistíocht 'Teaschaidéil, insliú, grianphainéil nó soilse LED i bhfoirgnimh' (I-7.10), tuairisc ar infheistíocht 'Bearta fuinnimh i bhfoirgnimh – VLA' (I-7) agus sprioc 218 den infheistíocht 'Bearta fuinnimh i bhfoirgnimh – VLA' (I-7), tuairisc ar infheistíocht 'Bearta aeráide sa talmhaíocht' (I-7.14) agus sprioc 225 den infheistíocht 'Bearta aeráide sa talmhaíocht' (I-7.14), tuairisc ar infheistíocht 'Leictriú bhonneagar calafoirt an Réigiúin Phléimeannaigh' (I-7.18) agus cloch mhíle 236 den infheistíocht 'Leictriú bhonneagar calafoirt an Réigiúin Phléimeannaigh' (I-7.18), tuairisc ar sprioc 242 den infheistíocht 'An flít busanna a ghlasú – BCR' (I-7.21), tuairisc ar infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh príobháideach i réigiún na Vallúine' (I-7.26) agus sprioc 260 den infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh príobháideach i réigiún na Vallúine' (I-7.26), tuairisc ar infheistíocht 'Scéim fóirdheontais fuinnimh fheabhsaithe – BCR' (I-7.01) agus sprioc 261 den infheistíocht 'Scéim fóirdheontais fuinnimh fheabhsaithe - BCR' (I-7.01). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg údarú na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) Tar éis an íslithe ar leibhéal chur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an Bheilg údarú na hacmhainní a úsáid a saoradh leis an ísliú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun beart amháin nua a chur isteach agus leibhéal cur chun feidhme trí bheart a ardú. Baineann sé sin le hinfheistíocht 'Aistriú deonach chuig clár satailíte IRIS²' (I-5.22), infheistíocht 'Comharthaí bóthair cliste – WAL' (I-3.08), infheistíocht 'Instealladh cothromais in Participatiemaatschappij Vlaanderen (PMV) chun tacú le cuideachtaí atá gníomhach i réimse na bith-theicneolaíochta' (I-5.19), agus infheistíocht 'Instealladh caipitil i gCosaint SFPIM' (I-5.20). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg údarú an leibhéal cur chun feidhme trí bheart a ardú agus beart nua amháin a chur isteach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(12) Sainaithníodh dhá earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do chloch mhíle amháin agus do sprioc amháin agus do dhá bheart faoi dhá chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Bheilg. Baineann na hearráidí cléireachais sin le cloch mhíle 185 d'infheistíocht 'T&F: Íoslaghdú dramhaíola le linn díchóimeála' (I-5.10) de chomhchuid 5.2 Tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch, agus sprioc 7 d'infheistíocht 'Athchóiriú ar thithíocht phríobháideach agus shóisialta' (I-1A) de chomhchuid 1.1 Athchóirithe. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(13) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 40 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 65,6 % de chostais iomlána mheasta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.

(15) Ní dhéanann an plean leasaithe athrú ar a uaillmhian i leith an aistrithe ghlais, cé nár tháinig ach laghdú 5,1 pointe céatadáin ar an leithdháileadh iomlán le haghaidh bearta a thacaíonn leis na cuspóirí aeráide i gcomparáid le measúnú leasaithe an 12 Meitheamh 2026. Tá an laghdú sin mar thoradh ar dheireadh a chur leis an gclibeáil aeráide le haghaidh infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh' (I-1.07), infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh' (I-1.08), infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh' (I-1.09), infheistíocht 'Athchóiriú foirgneamh' (I-7.06) agus infheistíocht 'Teaschaidéil, insliú, painéil ghréine nó soilse LED i bhfoirgnimh' (I-7.10). Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe dhigitigh nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 27,15 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(17) Ní dhéanann an plean leasaithe athrú ar a uaillmhian i leith an aistrithe dhigitigh, ós rud é go bhfuil méadú beag tagtha ar an leithdháileadh iomlán le haghaidh bearta lena dtacaítear leis an aistriú digiteach i gcomparáid le measúnú leasaithe an 12 Meitheamh 2026. Is é is cúis leis an méadú sin den chuid is mó go bhfuil infheistíocht 'Aistriú deonach chuig clár satailíte IRIS²' (I-5.22) á chur leis an bplean. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

*Costáil*

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid chostas iomlán measta an phlean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(19) Tá costais mheasta aonair curtha ar fáil ag an mBeilg don bheart nua, chomh maith le réasúnuithe aonair maidir leis na bearta go léir a raibh athrú ar na meastacháin chostais ina chuid den mhodhnú a rinneadh orthu. Tá an fhaisnéis faoi chostais arna soláthar ag an mBeilg sách mionsonraithe agus réasúnaithe den chuid is mó. Le haghaidh an bhirt

nua agus bearta ina bhfuil an laghdú ar an uaillmhian níos mó ná comhréireach leis an laghdú ar an imchlúdach airgeadais, sholáthair an Bheilg meastacháin agus faisnéis faoin modheolaíocht a úsáideadh. Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais agus ar na doiciméid tacaíochta go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart nua, agus go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte. Thairis sin, tá údar leordhóthanach leis na hathruithe ar mheastacháin ar chostais na mbeart modhnaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(20) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a mhol an Bheilg difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean na Beilge i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k).

***Measúnú dearfach***

(21) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, chomh maith leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(22) Is é EUR 5 244 911 861 méid chostais iomlána mheasta phlean leasaithe na Beilge. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Bheilg, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Beilge, ba cheart gurb é EUR 5 033 950 235 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Bheilg.

***Iasachtaí***

(23) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán dar luach EUR 230 100 000 ar fáil don Bheilg trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Tar éis infheistíocht 'Bonneagar rothaíochta agus siúil – Schuman' (I-3.04) a bhaint agus tar éis an íslithe ar leibhéal cur chun feidhme na hinfheistíochta 'Instealladh caipitil in SFPIM – Cosaint' (I-5.21) faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241, níor iarr an Bheilg údarú na hacmhainní iasachta a úsáid a saoradh chun tacú le bearta nua nó chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean a ardú. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean

[11] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

níos ísle ná an chomhranníocaíocht airgeadais atá ar fáil don Bheilg agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Bheilg trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don Bheilg a laghdú go EUR 209 604 000.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(25) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean*

Formheastar an measúnú ar phlean leasaithe na Beilge a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean na Beilge mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Bheilg darb uasmhéid EUR 209 604 000.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Beilge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*